Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13569/23
PV CONS 44
JAI 1230

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

28 Meán Fómhair 2023

## GNÓTHAÍ BAILE

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13087/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 13259/1/23 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

### SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann[1]** ❶C
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht idirinstitiúideach i dtaca leis na comhaid éagsúla faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann (an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, an Rialachán maidir le Scagadh agus an Togra Leasaithe maidir le Rialachán Eurodac) agus ar staid na himeartha i dtaca leis an gcaibidlíocht ar an Rialachán Géarchéime.

**4. Aon ghnó eile**

Dada.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Comhar le Meiriceá Laidineach chun an choireacht eagraithe a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhrugaí 12884/23 12838/23
*Staid na himeartha*

[1] Go heisceachtúil i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.

6. Tearmann agus imirce: gné sheachtrach [1][2] — 12990/1/23 REV 1
*Seisiún tuairimíochta*

7. Iarmhairtí fhogha na Rúise faoin Úcráin
   (a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear síneadh le cosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 — 13228/23
   (Bunús dlí: Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001)
   *Comhaontú polaitiúil* — 12901/23 **R-UE**
   (b) An tslándáil inmheánach[3]
   *Staid na himeartha*

8. Aon ghnó eile — 13013/23
   An dara comhdháil Eorpach-Arabach ar shlándáil teorann (EABSC 2023)
   (Porto, an 15-16 Samhain 2023)
   *Faisnéis ón bPortaingéil*

---

❶ An chéad léamh

🄲 Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**R-UE** Doiciméad rúnaicmithe RESTREINT UE/EU RESTRICTED

---

[2] Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais – Frontex, Europol agus EUAA – chuig an bplé seo.

[3] Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais – Frontex agus Europol – chuig an bplé seo.